An Coimisiún um Achomhairc Chánach
TAX APPEALS COMMISSION

# RÁITEAS UM CHOSAINT LEANAÍ
# LÚNASA 2020

**FOILSITHE:** 12 LÚNASA 2020

# ÁBHAIR


1. Réamhrá....3
2. Seirbhísí Ábhartha a Chuirtear ar Fáil....3
3. Oibleagáidí faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015 maidir le Seirbhísí Ábhartha 5
4. Duine Ábhartha....4
5. Rioscaí a bhaineann le scoláirí san Idirlbhliain....5
6. Rioscaí a Mhaolú....6
7. Nósanna Imeachta....7
8. Fostaithe faoi 18 mbliana d'aois....8
9. Cur i bhfeidhm....8
10. Athbhreithniú....9

## 1. RÉAMHRÁ

Ullmhaítear an Ráiteas um Chosaint Leanaí de réir an Achta um Leanaí ar dTús 2015, Leanaí ar dtús: an Treoir Náisiúnta. Leagtar amach ann na prionsabail agus na nósanna imeachta atá le comhlíonadh chun a chinntiú, a mhéad agus is féidir, go bhfuil leanbh, ag baint leasa as seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, slán ó dhíobháil.

## 2. SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA A CHUIRTEAR AR FÁIL

Ní sholáthraíonn an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) seirbhísí go díreach do leanaí ach féadfaidh sé baill foirne atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a fhostú. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Coimisiún le hacmhainneacht leanaí agus daoine óga a fhorbairt agus féadfaidh sé socrúchán daltaí san Idirbhliain a éascú ar feadh tréimhsí gearra taithí oibre gan phá laistigh den TAC. De ghnáth, bíonn na scoláirí Idirbhliana seo faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá an TAC tiomanta do gach duine faoi bhun 18 mbliana d'aois atá ag obair nó ag traenáil sa Choimisiún a chosaint, de réir na reachtaíochta agus an chleachtais maidir le Leanaí ar dTús.

Is é príomhról an TAC achomhairc i gcoinne chinntí agus shocruithe na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cánacha agus dleachtanna a bhreithniú, a chloisteáil agus a chinneadh. Agus an fheidhm seo á cur i gcrích aige, soláthraíonn an TAC seirbhís phoiblí inar féidir go teicniúil go bhféadfadh leanbh a bheith i láthair le custaiméir a bhíonn ag freastal ar an oifig. Ní mór do leanaí atá ag freastal ar an gCoimisiún le custaiméir fanacht an t-am ar fad i gcuideachta an chustaiméara sin le linn na cuairte. Dá bharr sin, ní chlúdaíonn an plean seo imeachtaí den sórt sin.

## 3. OIBLEAGÁIDÍ FAOIN ACHT UM LEANAÍ AR DTÚS 2015 MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA

Sa chás go dtacaíonn an TAC le dalta Idirbhliana trí thaithí oibre a sholáthar, sanntar an mac léinn Idirbhliana d'aonad nó d'aonaid agus is é bainisteoir an aonaid nó bainisteoir tarmligthe atá freagrach as fad an tsocrúcháin.

Os rud é go meastar gur seirbhís ábhartha do leanaí, faoin Acht [mír S (a) de Sceideal 1 maidir le deiseanna oiliúna a sholáthar do leanaí], socrúcháin a sholáthar do scoláirí Idirbhliana sa Choimisiún, tá feidhm ag na prionsabail agus na hoibleagáidí seo a leanas:

a) An leanbh a chosaint slán ó dhíobháil[1] agus é ar thaithí oibre [i.e. le linn fad an tsocrúcháin];

[1] Cuimsíonn díobháil Mí-Úsáid Ghnéasach agus sainmhínítear í faoi Chuid 1 (2) agus Sceideal 3 den Acht um Leanaí ar dtús 2015, faoi seach. I mí Eanáir 2019, bhí aguisín ar shábháilteacht ar líne do Leanaí ar dTús: Treoir

b) Rioscaí a mheas; agus

c) Dul i ngleic leis na rioscaí sin, mar a éilíonn an tAcht, i Ráiteas um Chosaint Leanaí an TAC

Mar gheall ar nádúr socrúchán oibre dalta Idirbhliana, agus go háirithe aidhm an t-eispéireas oibre is leithne a sholáthar don dalta Idirbhliana, is féidir go dtiocfaidh na daltaí seo i dteagmháil le réimse daoine lena n-áirítear baill foirne, comhghleacaithe ó ranna eile, ionadaithe poiblí, soláthraithe , baill den phobal, agus grúpaí sainleasa etc.

## 4. DUINE ÁBHARTHA

Tá Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DLP) agus Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DDLP) ceaptha ag an TAC chun críche an Achta um Leanaí ar dtús. Is iad sin na daoine acmhainne laistigh den Choimisiúin maidir le haon cheisteanna a bhaineann le cosaint leanaí. Tá siad freagrach as a chinntiú go leantar leis na nósanna imeachta tuairiscithe laistigh den eagraíocht, chun go ndéantar aon údar imní maidir le leas agus le cosaint leanaí a tharchur go pras chuig Tusla. Feidhmeoidh siad mar phointe teagmhála le himní maidir le cosaint leanaí a thuairisciú, agus rachaidh siad i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha nuair is gá.

Ceapann an Cathaoirleach an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DLP) agus an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DDLP).

1. Is é Paddy O’Keeffe, Seirbhísí Corparáideacha, an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe - Fón: 01 663 0729 nó Rphost: paddy.okeeffe@taxappeals.ie

2. Is í Emma Weldridge, an tAonad AD, an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DDLP) – Fón: 01 663 0716 nó Rphost: emma.weldridge@taxappeals.ie

Náisiúnta. Shoiléirigh sé gur cheart d’eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí machnamh a dhéanamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne agus a measúnú riosca á dhéanamh acu agus a Ráiteas um Chosaint Leanaí á ullmhú.

## 5. RIOSCAÍ A BHAINEANN LE SCOLÁIRÍ SAN IDIRBHLIAIN

Is iad seo a leanas na rioscaí a aithnítear maidir le daltaí Idirbhliana):

| | An Riosca a aithníodh | An nós imeachta atá i bhfeidhm leis an riosca a aithníodh a bhainistiú |
|---|---|---|
| 1 | Riosca díobhála do leanbh ó bhall foirne | • Measúnú riosca roimh shocrúchán<br>• Níor cheart an dalta Idirbhliana a fhágáil gan a bheith faoi mhaoirseacht ball den aonad ina bhfuil sé/sí ag obair<br>• Níor chóir go mbeadh rochtain ag an dalta ar aon fhaisnéis, fhisiciúil nó dhigiteach, nach mbeadh oiriúnach do dhuine atá faoi aois amharc uirthi<br>• Beartais TF maidir le rochtain ar an Idirlíon |
| 2 | Go bhféadfadh duine nach ball foirne dochar a dhéanamh do dhalta le linn a s(h)ocrúcháin oibre | • An tábhacht atá le beartais mhaoirseachta/tionlacain/cead isteach/beartais rochtana poiblí, maidir le socrúchán an duine faoi 18 mbliana d'aois |
| 3 | Riosca neamhchomhlíonadh an Achta um Leanaí ar dtús 2015 agus an Treoir Náisiúnta | • Plean forfheidhmithe Earnála<br>• Próiseas Dearbhaithe Comhlíonta<br>• Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe |
| 4 | Riosca nach n-aithnítear nó nach dtuairiscítear dochar nó imní ina leith | • Soláthar faisnéise, maoirseachta agus oiliúna do bhaill foirne<br>• Nós Imeachta Tuairiscithe<br>• Iarmhairtí Dlíthiúla agus Riaracháin as neamhthuairisciú<br>• Comhairliúchán le húsáideoirí seirbhísí – Daltaí Idirbhliana; Ráiteas um Chosaint Leanaí a sholáthar,<br>• Faisnéis do bhainisteoirí agus do bhaill foirne maidir le cosaint leanaí san áit oibre |

## 6. RIOSCAÍ A MHAOLÚ

Seo a leanas na nósanna imeachta atá i bhfeidhm leis na rioscaí a ndearnadh achoimre orthu níba luaithe a mhaolú:

1. Ar ionduchtú isteach sa Coimisiúin iad, gheobhaidh gach dalta Idirbhliana (TY):
   a) Cóip de Ráiteas um Cosaint Leanaí an TAC a mhíneofar dóibh go mion, maidir le socrúcháin na hIdirbhliana;
   b) Ainm agus sonraí teagmhála an oifigigh Ainmnithe, nó an Leas-oifigeach Ainmnithe - agus cuirfear in aithne dóibh iad go pearsanta - a bheidh mar dhaoine teagmhála dóibh, a bheidh ar fáil ag gach uair réasúnta, más mian leo aon cheist/imní maidir le híde, le tromaíocht, le hiompar míchuí nó le haon ábhar eile a chuireann imní ar dhaltaí Idirbhliana a ardú leo;
   c) Cóip de bheartas an Choimisiúin maidir le rochtain ar an Idirlíon;
   d) Cóip den bheartas Dínit ag an Obair.

2. Beidh róil an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, agus an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe lonnaithe san Aonad Acmhainní Daonna.

3. Beidh ceanglas ar an DLP nó an Leas-DLP teagmháil a dhéanamh leis an dalta Idirbhliana leath bealaigh trína shocrúchán, agus arís ar á thabhairt chun críche.

4. Beidh cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí an TAC faighte agus sínithe ag gach ball foirne san aonad/sna haonaid ina sannfar an dalta Idirbhliana, le coinneáil ar a gcomhad. Tabhair faoi deara go n-eiseofar CSS chuig gach ball foirne go leictreonach mar chuid d’fhaisnéis agus oiliúint an Choimisiúin maidir le Leanaí ar dtús.

5. Agus socrúcháin á réiteach do dhaltaí Idirbhliana, tabharfar cúram lena chinntiú go gcuirfear chuig socrúcháin iad in aonaid ina mbeidh nádúr na hoibre iomchuí do leanaí.

6. Sula nglacfar leis an socrúchán, tabharfaidh an AP, PO agus bainisteoir líne ábhartha an dalta Idirbhliana (más difriúil) de gach rannóg a ghlacann le socrúchán idirbhliana, faoi oiliúint E-Fhoghlama Náisiúnta um Threoir Leanaí agus Treoir Leasa na hÉireann chun cabhrú leo rioscaí agus díobháil a d’fhéadfadh a bheith ann a aithint.

7. Tabharfaidh An Duine idirchaidrimh Ainmnithe agus an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe faoin E-Fhoghlaim Náisiúnta um Threoir Leanaí agus Treoir Leasa na hÉireann in aghaidh na bliana. Cuirtear grinnfhiosrúchán ar gach iarratasóir rathúil ar an Státseirbhís trí phróiseas a oibríonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá oifigigh atá ann cheana faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.
8. Ba chóir do bhaill foirne an TAC atá faoi ghrinnscrúdú ag TUSLA i ndáil le cás faoin Acht, sin a chur in iúl do AD le gur féidir riosca a róil le linn tréimhse grinnscrúdaithe a mheas.

9. Prótacal Tuairiscithe
    - Tá Prótacal Tuairiscithe um Leanaí ar dtús forbartha ag an TAC do bhaill foirne maidir le himní a bhaineann le leas agus cosaint leanaí a thuairisciú.
    - Roimh an socrúchán, déanfaidh AP an aonaid/na n-aonad ina sanntar an dalta Idirbhliana cóip shínithe den Phrótacal Tuairiscithe Leanaí ar dtús a dhearbhú agus a sheoladh chuig AD, uaidh féin agus ón AOF san aonad/sna hionaid socrúcháin.
10. Eiseoidh an TAC an Ráiteas um Chosaint Leanaí chuig tuismitheoirí/caomhnóirí aon dalta Idirbhliana atá ag tabhairt faoi thaithí oibre sa Choimisiúin.

## 7. NÓSANNA IMEACHTA

Forbraíodh an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo de réir riachtanais faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015, Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017), agus Cosaint Leanaí Tusla: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár rún leanaí a chosaint agus iad ag baint tairbhe as ár seirbhís:

- Nós imeachta maidir le bainistiú líomhaintí i gcoinne oibrithe/oibrithe deonacha faoi mhí-úsáid nó faoi mhí-iompar linbh atá ag baint tairbhe as ár seirbhís;

- Nós imeachta slán maidir le hearcaíocht agus roghnú oibrithe agus oibrithe deonacha le bheith ag obair le leanaí;

- Nós imeachta maidir le soláthar agus rochtain ar oiliúint agus ar fhaisnéis chosanta leanaí, lena n-áirítear ócáid dochair a aithint;

- Nós imeachta i ndáil le haon bhall foirne atá ina ábhar aon imscrúdaithe (cibé caoi a gcuirtear síos air) maidir le haon ghníomh, faillí nó imthosca i leith linbh a bhaineann tairbhe as an tseirbhís ábhartha de réir Alt 11 (3) (b) den Acht um Leanaí ar dtús 2015.

- Nós imeachta maidir le himní a bhaineann le cosaint nó leas leanaí a chur faoi bhráid Tusla - an Prótacal Tuairiscithe Leanaí ar dtús;
- Nós imeachta maidir le liosta na ndaoine (más ann dóibh) sa tseirbhís ábhartha ar daoine iad a bhfuil údarás oifigiúil acu;

- Nós imeachta maidir le duine ábhartha a cheapadh.

## 8. FOSTAITHE FAOI 18 MBLIANA

Ní thagann fostaíocht na foirne faoin sainmhíniú ar sholáthar seirbhísí ábhartha do leanaí mar atá leagtha amach i Sceideal 1 den Acht um Leanaí ar dtús 2015.

Mar sin féin, i gcás baill foirne a d'fhéadfadh a bheith faoi bhun 18 mbliana d'aois, tá an TAC tiomanta don chleachtas is fearr maidir le cosaint leanaí.

Meastar gurb ionann iad na rioscaí do bhaill foirne faoi bhun aois go díreach mar an gcéanna leo siúd a bhaineann le daltaí Idirbhliana, mar a leagtar amach i bparagraf (5) thuas, agus sa chomhthéacs sin, déanfar an maolú a leagtar amach ag paragraf (6) agus na nósanna imeachta ag paragraf (7) a oiriúnú mar is cuí le go mbainfidh siad le baill foirne faoi bhun 18 mbliana d'aois.

I gcás (5), (6) agus (7) thuas, déanfar tuairisciú ar aon imní de réir Prótacal Tuairiscithe Leanaí ar dtús an Choimisiúin. Soláthraíonn sé seo creatlach le comhairle a chur ar an DLA nó ar an DDLA faoi aon eachtraí/tuarascálacha a thagann chun cinn.

## 9. CUR I BHFEIDHM

Is iad na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe agus Leas-Ainmnithe, go príomha, chomh maith leis an Oifigeach atá freagrach as Forfheidhmiú Iomlán Leanaí ar dtús, atá freagrach as cur i bhfeidhm an bheartais seo.

Mar sin féin, tá gach ball foirne den TAC freagrach as freisin, go háirithe iad siúd atá ag soláthar seirbhísí ábhartha do leanaí.

## 10. ATHBHREITHNIÚ

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo gach dara bliain, nó níos luaithe ná sin má thagann athrú ábhartha ar aon cheann de na saincheisteanna dá dtagraíonn sé.

Sínithe: _______________________________________________________
Marie-Claire Maney, Cathaoirleach

Dáta: ______25ú Lúnasa 2020____________________